Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Nollaig 2023
(OR. en)

15655/23
ADD 1

PECHE 519

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0117(NLE)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe le Poblacht Mhadagascar chomh maith lena Phrótacail Cur Chun Feidhme (2023-2027)<br>- Ráiteas ón gCoimisiún |

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Lena breithiúnas i gcásanna uamtha C-103/12 agus C-165/12 (Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún v. an Chomhairle), dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais go soiléir go bhfuil cinntí a bhaineann le comhaontuithe iascaigh seachtracha a thabhairt i gcrích go hiomlán faoi chuimsiú raon feidhme Airteagal 43(2) CFAE (i gcomhar leis an nós imeachta is infheidhme in Airteagal 218 CFAE, i.e. Airteagal 218(6)(a)(v) maidir leis na cinntí faoi na comhaontuithe a thabhairt i gcrích) agus dhiúltaigh sí an seasamh gurbh fhéidir go dtiocfadh na cinntí sin faoi chuimsiú raon feidhme Airteagal 43(3) CFAE.

I ndáil leis an gCinneadh maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe a chur i gcrích idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar chomh maith lena Phrótacal Cur Chun Feidhme (2023-2027), is cúis aiféala don Choimisiún leasú na Comhairle lenar cuireadh Airteagal 43 (gan an mhír a lua) in ionad bhunús dlí substainteach Airteagal 43(2) CFAEI ndáil leis an gCinneadh maidir le cur i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine chomh maith le Prótacal Cur Chun Feidhme an chomhaontaithe sin, is cúis aiféala don Choimisiún leasú na Comhairle lenar cuireadh Airteagal 43 (gan an mhír a lua) in ionad bhunús dlí substainteach Airteagal 43(2) CFAE.

Cé nach bhfuil sé ag cur i gcoinne na Comhairle maidir le glacadh an leasaithe le vótáil trí thromlach cáilithe, coimeádann an Coimisiún a chearta uile i dtaca leis sin.